- Students progressing to an add-on Honours Degree (Level 08) need to re-apply to their Local Authority for Scholarship approval.
- If you will be in receipt of a Third Level Training (TLT) Maintenance Grant, please ensure that you fill in your account details i.e. bank sort code and account number.
- A student who believes he/she is entitled to a grant, but has not received written confirmation, **must** pay the registration fee in order to register. This fee will be refunded once written confirmation has been received by GMIT. Please supply us with this confirmation once you have received same.
- If you have been granted a remission of fees from the Student Support Committee, you must bring confirmation of same with you when registering.
- Students transferring from another college, who are in receipt of a grant must bring evidence of such a grant when registering

Should your documentation be incomplete, it will be returned to you and you will have to attend for registration at a later date.

## **FAILLÍ I gCLÁRÚ**

### **Neacha léinn nach ndéanann clárú:**

- Cuirfear táille dhéanach i leith a gcuid cuntas mura gcláraíonn siad faoin dáta clárúcháin a éilítear (de réir amchláir).
- Ní bheidh siad cumhdaithe ag polasaí árachais phearsanta na hInstitiúide agus i gcás timpiste ní bheidh siad in ann éileamh a dhéanamh ach ar pholasaí poiblí na hInstitiúide más féidir leo faillí a chruthú.
- Ní ligfear dóibh freastal ar ranganna.
- Ní chuirfear isteach ar scrúduithe iad.

TABHAIR FAOI DEARA: DLÍFEAR TÁILLE DHÉANACH AR NEACHA LÉINN NACH gCLÁRAÍONN DE RÉIR MAR ATÁ CEAPTHA SAN AMCHLÁR.

## **FAILURE TO REGISTER**

### **Students who do not register:**

- by the required registration date (as per timetable) will have a late fee applied to their accounts.
- are not covered by the Institutes personal accident insurance and in the event of an accident may only make a claim on the Institutes public policy if they can prove negligence.
- will not be allowed to attend classes.
- will not be entered for examinations.

NOTE: STUDENTS WHO DO NOT REGISTER AS PER TIMETABLE WILL BE LIABLE FOR A LATE FEE.

Tabhair faoi deara le do thoil gurb iad na rialacháin anseo thíos na cinn is déanaí a fuarthas ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Tá na rialacháin seo faoi réir ag athrú don bhliain acadúil 2011/2012.

### TÁILLE NEAMH-THEAGAISIC/TÁILLE CHLÁRÚCHÁIN

Ní mór do gach neach léinn Táille Neamh-Theagaisic/Chlárúcháin a íoc mura bhfuil sé/sí le deontas/scoláireacht a fháil. Féach na Treoracha le hAghaidh Clárúcháin ar Leathanach 22 den leabhrán seo chun breis sonraí a fháil.

### Táillí Teagaisic – Cúrsaí Ardteastais agus Gnáthchéime (Tríú Leibhéal Lánaimseartha)

Maoiníonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta cúrsaí aon bhliana nó cúrsaí dhá bhliain faoi Oiliúint Tríú Leibhéal (OTL) suas go dtí leibhéal Ardteastais agus Gnáthchéime trí bliana agus cúrsaí aon bhliana "forlíontacha" de leibhéal Gnáthchéime.

Maoinítear ár gcuid cúrsaí Ardteastais agus Gnáthchéime uile faoin scéim Oiliúna Tríú Leibhéal (OTL).

Bailíonn an Coláiste táillí teagaisic i leith neacha léinn atá ar chúrsaí atá maoinithe ag Oiliúint Tríú Leibhéal (OTL) go díreach ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Íocfar a gcuid táillí teagaisic i leith neacha léinn atá ag tosú ar chúrsaí Oiliúna Tríú Leibhéal (OTL) go díreach ó oideachas dara leibhéal.

Ar na neacha léinn eile atá incháilithe le go n-íocfadh Oiliúint Tríú Leibhéal (OTL) a gcuid táillí teagaisic tá:

- Neach léinn ar éirigh leis/léi nó ar theip air/uirthe nó nár chríochnaigh an chéad bhliain de chúrsa atá maoinithe ag Oiliúint Tríú Leibhéal (OTL), ar mhaith leis/léi aistriú go cúrsa difriúil.
- Daoine a fuair maoiniú ar feadh trí bliana ar a mhéid ar chúrsa atá maoinithe ag Oiliúint Tríú Leibhéal tá siad i dteideal deontas cothabhála a fháil ar feadh trí bliana ar a mhéid má chomhlíonann siad na coinníollacha mar atá siad leagtha amach sa scéim cothabhála Oiliúna Tríú Leibhéal (OTL) don bhliain ábhartha.
- Níl foghlaimoirí a chríochnaigh cúrsa MLT dhá bhliain incháilithe do theagasc in aisce i dtaca le cúrsa MLT dhá bhliain nó trí bliana breise ach féadfar iad a ligean isteach ar an tríú bliain fhorlíontach de chúrsa gaolmhar Dioplóma (HTBS).

Please note the regulations below are the most recently received from the Department of Education and Science. These regulations are subject to change for the 2011/2012 academic year.

### NON-TUITION FEE/REGISTRATION FEE:

Each student must pay a Non-Tuition/Registration fee, unless he/she is in receipt of a grant/scholarship. See Instructions for Registration on page 23 of this booklet for further details.

### Tuition Fees – Higher Certificate and Ordinary Degree courses - (Full-time third level)

The Department of Education and Science, under the Third Level Training (TLT) scheme fund one or two year courses up to Higher Certificate level and three year Ordinary Degree and one year "add-on" Ordinary Degree level courses.

All of our Higher Certificate and Ordinary Degree courses are funded under the Third Level Training (TLT) scheme.

Tuition fees for students on Third Level Training (TLT) funded courses are collected directly by the College from the Department of Education. Students entering third level Third Level Training (TLT) courses directly from second level education will have their tuition fees paid.

Other students who qualify to have their tuition fees paid by Third Level Training (TLT) are:

- A student who, having passed, failed or not completed the first year of a Third Level Training (TLT) funded course, who wishes to transfer to a different course
- Persons who received funding for year one of a degree level course are eligible to receive free tuition for a maximum of three years on a Third Level Training (TLT) aided course and are eligible for a maintenance grant for a maximum of three years if they satisfy the conditions as set out in the Third Level Training (TLT) maintenance scheme for the relevant year.
- Trainees who have completed a two-year MLT course are not eligible for free tuition in respect of a further two year MLT or three year HTBS course but they may be admitted to the third "add-on" year of a related Diploma (HTBS) course.

- **Cúrsaí Luathaithe Teicneora (ATP)** – fad 18 mí. Beidh gach foghlaimeoir atá cláraithe ar na cúrsaí sin, ar a n-áirítear iad siúd a bhfuil cáilíochtaí tríú leibhéal acu cheana féin incháilithe do tháillí teagaisc in aisce. Dlífear táillí teagaisc agus neamh-theagaisc ar athneacha léinn.

Ar na neacha léinn nach gcáilíonn do mhaoiniú Oiliúna Tríú Leibhéal (OTL) tá:

- **Níl** neach léinn a chríochnaigh Teastas dhá bhliain incháilithe do mhaoiniú Oiliúna Tríú Leibhéal i leith Ardteastas dhá bhliain breise ná cúrsa Gnáthchéime trí bliana.
- **Níl** daoine a bhfuil **níos mó ná** bliain a haon de chúrsa leibhéal céime curtha i gcrích acu **incháilithe**.
- Níl daoine a bhfuil céim acu cheana féin incháilithe.
- Dlífear táillí iomlána as an athbhliain ar neacha léinn a dteipeann orthu ina scrúduithe agus ar mhian leo an bhliain a dhéanamh athuair, agus féadfaidh siad an deontas atá acu a athnuachan don bhliain/do bhlianta ar bith eile den chúrsa ina dhiaidh. Má ghlacann siad sos bliana ní mór dóibh athiarratas a dhéanamh don Údarás Dámhachtana chun a ndeontas a athnuachan.
- Neacha léinn a bhriseann nó a chuireann a gcúrsa ar athló le linn Bliana Acadúla agus a bhfuil deontas cothabhála á fháil acu, **níl siad incháilithe** a ndeontas a bheith athghníomhachtaithe nuair a fhilleann siad ar an gColáiste. Ach i dtosca eisceachtúla féadfaidh roinnt údarás deontais an cinneadh sin a tharscaoileadh.

### Táillí Teagaisc – cúrsaí maoinithe ag an ÚAO/Roinn Oideachais agus Eolaíochta (cúrsaí Céime lánaimseartha)

Sa bhliain 1996 thug an tAire Oideachais agus Eolaíochta scéim táillí in aisce isteach. Íoctar táillí i leith náisiúnaithe AE a bhfuil gnáthchónaí orthu i mBallstát AE le linn trí cinn de na cúig bliana roimh thosú dóibh ar a gcúrsa tríú leibhéal. Íocfar a dtáillí do neacha léinn atá ag tosú ar oideachas tríú leibhéal go díreach ó oideachas dara leibhéal.

- Ní íocfar táillí teagaisc i leith neacha léinn a bhfuil an dara cúrsa fochéime á dhéanamh acu. Féadfar a mheas go bhfuil neacha léinn ag a bhfuil Teastas Náisiúnta/Ardteastas nó Dioplóma/Gnáthchéim acu agus atá ag dul ar aghaidh go dtí cúrsa Céime Onóracha gan ghá le díolúine a bheith acu ó ghnáthfhad an chúrsa a bheith incháilithe do tháillí in aisce.

- **Accelerated Technician (ATP) courses** – 18 months duration. All trainees enrolled on these courses including those already possessing third level qualifications will qualify for free tuition fees. Repeat students will be liable for tuition and non-tuition fees.

Students who are not eligible for Third Level Training (TLT) funding include:

- A student who has completed a two year Certificate is **not eligible** for Third Level Training (TLT) funding in respect of a further two year Higher Certificate or three year Ordinary Degree course.
- Persons who have completed **more than** year one of a degree level course are **not eligible**.
- Persons who already hold a degree are **not eligible**.
- Students who fail their examinations and wish to repeat the year are liable for full fees for the repeat year, and may renew their grant for any subsequent year(s) of that course. If they take the year out they must re-apply to the Awarding Authority to have their grant renewed.
- Students who interrupt/defer their course during an Academic Year and are in receipt of a maintenance grant are **not eligible** to have their grant reactivated when they return to College. However, some grant authorities may waive this decision under exceptional circumstances.

### Tuition Fees – HEA/Dept. of Education and Science funded courses (full-time Degree courses)

In 1996 the Minister for Education and Science introduced the free fees scheme. Tuition fees are paid in respect of EU nationals who have been ordinarily resident in an EU Member State for at least three of the five years preceding their entry to their third-level course. Students entering third-level education directly from second level education will have their fees paid.

- Tuition fees will not be paid in respect of students pursuing a second undergraduate degree course. Students who already hold a National Certificate / Higher Certificate or Diploma / Ordinary Degree and are progressing to an Honours Degree course without necessarily having received an exemption from the normal duration of the course may be deemed eligible for free fees.

- Féadfar neacha léinn a rinne cúrsa tríd leibhéal roimhe sin, nár bhain maoiniú státchiste ar bith leis, ach nár chríochnaigh é, a mheas a bheith incháilithe faoi réir ag coinníollacha eile den tionscnamh táillí in aisce a chomhlíonadh.
- Nil neacha léinn a rinne cúrsa staidéir tríd leibhéal nár bhain maoiniú státchiste leis (e.g. táillí, cothabháil, faoiseamh cánach, fóirdheontas i dtaca le costais an chúrsa) agus nár bhain cáilíocht ceannchúrsa amach agus a théann i mbun staidéir tríd leibhéal ina dhiaidh sin incháilithe do tháillí in aisce do thréimhse atá comhionann leis an thréimhse ama atá caite ar an gcéad chúrsa staidéir.
- Ach amháin i gcás neach léinn athdheise (féach an nóta thíos), ní íocfar táillí teagaisc i leith neacha léinn a bhfuil athbhlianta á ndéanamh acu nó i leith neacha léinn a bhfuil bliain/leibhéal á athdhéanamh acu tar éis a gcúrsa fochéime a athrú (ach gan é bheith curtha i gcrích acu). Féadfar an coinníoll sin a tharscaoileadh i gcúinsí eisceachtúla dála cásanna de thinneas tromchúiseach deimhnithe.

**NÓTA:** Íocfar táillí teagaisc i leith neach léinn a rinne freastal ar chúrsaí faofa, ach nár chríochnaigh iad, atá ag filleadh tar éis sos cúig bliana ar a laghad chun cúrsaí faofa a dhéanamh ag an leibhéal céanna sa bhliain acadúil 2011/2012. Ní chuimsíonn na táillí teagaisc atá inioctha an táille chlárúcháin.

### ÍOCAÍOCHT TÁILLÍ TEAGAISC AGUS NEAMHTHEAGAISC

Ba chóir táillí a íoc leis an mbanc agus úsáid á baint as an Sonrasc bainc atá iniata le d'fhoirm chlárúcháin nó sonrasc/gíoró bainc eile atá eisithe ag an Institiúid de réir mar is iomchuí. Is é an méid atá dlite ná an táille iomlán atá curtha in iúl ar an Sonrasc.

### TÁILLÍ TEAGAISC & TÁILLÍ NEAMH-THEAGAISC

Ní raibh na Táillí Teagaisc agus na Táillí Neamh-Theagaisc mar a eísíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta iad go bliantúil ar fáil agus é seo á chur chun príontála. Tá Táillí Teagaisc le bheith eisithe ag an Roinn go luath i Lúnasa. Féadfaidh tú breathnú ar láithreán gréasáin GMIT - [www.gmit.ie](http://www.gmit.ie) - i ndiaidh na chéad seachtaine i Lúnasa le haghaidh faisnéise ina leith sin.

- Students who have previously pursued but not completed a course which has not attracted any exchequer funding may be deemed eligible for free fees subject to compliance with the other conditions of the free fees initiative.
- Students who have pursued a course of third level study which has attracted exchequer funding (e.g. fees, maintenance, tax relief, subsidy towards course cost) and who have not secured a terminal qualification and subsequently resume third level studies are not eligible for free fees for the equivalent period of time spent on the first course of study.
- Except in the case of second chance students, (see note below), tuition fees will not be paid in respect of students doing repeat years or in respect of students repeating a year / level having changed (but not completed) their undergraduate course. This condition may be waived in exceptional circumstances such as cases of certified serious illness.

**NOTE:** Tuition fees will be paid in respect of students who, having attended but not completed approved courses, are returning following a break of at least five years in order to pursue approved courses at the same level in the 2011/2012 academic year. The tuition fees payable do not include the registration fee.

### PAYMENT OF TUITION AND NON-TUITION FEES

Fees should be paid to the bank using the Invoice enclosed with your registration form or other invoice / bank giro issued by the Institute as appropriate. The total fee indicated on the Invoice is the amount due.

### TUITION FEES & NON-TUITION FEES

The Tuition & Non-Tuition Fees, as issued by the Department of Education & Science on an annual basis, were unavailable at the time of going to print. Tuition Fees are due to be issued by the Department in early August. You may refer to the GMIT website – [www.gmit.ie](http://www.gmit.ie) – after the first week in August for information relating to same.

## TÁILLE NEAMH-THEAGAISIC – NEACHA LÉINN ACCS

Ní éileofar ar neacha léinn a bhfuil cúrsaí tríd an modh ACCS á ndéanamh acu táille chaipitíochta neacha léinn a íoc. Dá bhrí sin ní bheidh na seirbhísí atá maoinithe ag an táille sin ar fáil do neacha léinn ACCS.

Ar na seirbhísí sin áirítear an tAonad Sláinte, an Ciste Tuismitheora agus Naíonáin, an tSéiplíneacht, Aontas na Neach Léinn, Árachas Timpiste, clubanna agus cumainn neach léinn.

## TÁILLE ÁBHAR

Gearrfar táille de **€100 (do neacha léinn lánaimseartha)** agus **€50 (do neacha léinn páirtaimseartha)** a bheidh rannpháirteach sa **BA in Ealaín agus Dearadh, an BA i Scannán agus Teilifís, an BA (Onór) i Mínealaín, an Baitsiléir i nDearadh (Onór) i dTeicstílí, an BA i Staidéar Oidhreachta agus "BA (Onór) i Staidéar Oidhreachta"**.

Ní mór é sin a íoc roimh chlárú agus ba chóir duit an admháil sonraisc a chuireann in iúl go bhfuil an íocaíocht déanta a bhreith leat nuair a thagann tú le clárú. **Ní mór an táille sin a íoc is cuma deontas cothabhála a bheith á fháil agat nó gan bheith.**

## MAITHEAMH TÁILLÍ

Féadfaidh neacha léinn a ndlífear táillí teagaisic orthu agus a mbaineann deacracht airgeadais leo iarratas a dhéanamh don Choiste Tacaíochta Neach Léinn lena dtáillí teagaisic a tharscaoileadh suas go dtí uasmhéid de 50%. Cuirfeadh na hiarratasóirí uile atá ar tharscaoileadh faoi agallamh agus ní mór an t-iarratas a dhéanamh ar an bhfoirm oifigiúil (atá le fáil ó Sheirbhísí Neach Léinn ó Mheán Fómhair) faoin 15 Nollaig 2011.

## TÁILLÍ NEAMH-AE

Éileofar ar neacha léinn ar a ndlífear Táille Neamh-AE Táille Teagaisic agus Táille Neamh-Theagaisic a íoc roimh thús a gclár staidéir. Ní eiseofar litreacha oifigiúla le haghaidh críocha iarratais visa ná sintí ar visa go dtí go mbeidh an táille faighte. Tá na táillí Neamh-AE nó idirnáisiúnta liostaithe i láithreán gréasáin GMIT – [www.gmit.ie](http://www.gmit.ie)

## NON-TUITION FEE – ACCS STUDENTS

Students taking courses through ACCS mode will not be required to pay a student capitation fee, therefore services funded by this fee will not be available to ACCS students.

These services include: the Health Unit, Parent and Baby Fund, Chaplaincy, Students Union, Personal Accident Insurance, student clubs and societies.

## MATERIALS FEE

A materials fee of **€100 (for full-time students)** and **€50 (for part-time students)** will be charged to all students including outgoing Erasmus students participating on the **BA in Art and Design, the BA in Film & Television, the B.A. (Hons) in Fine Art, the Bachelor of Design (Hons) in Textiles, the BA in Heritage Studies, and the BA (Hons) in Heritage Studies.**

This must be paid prior to registration and you should bring the Invoice receipt indicating payment has been made with you when you come to register. **This fee must be paid regardless of whether or not you are in receipt of a maintenance grant.**

## REMISSION OF FEES

Students who are liable for tuition fees and who are experiencing financial hardship may apply to the Student Support Committee to have their tuition fees waived up to a maximum of 50%. All applicants for a waiver will be interviewed, and application must be made on the official form (available from Student Services from September) by the 15th December, 2011.

## NON EU FEES

Students who are liable for the Non-EU or international fee are required to pay the fee before the commencement of their programme of study. No official letters for visa application purposes or visa extensions will be issued until the fee has been received. The Non EU or international fees are listed in the GMIT website – [www.gmit.ie](http://www.gmit.ie)

## AISIÓCAÍOCHTAÍ

Tá an **táille teagaisc agus an táille neamh-theagaisc** in-aisíoctha suas go dtí 31 Deireadh Fómhair 2011. Tá an polasaí um aisíoc táillí teagaisc bunaithe ar na táillí cuí go léir a bheith íoctha ag an neach léinn. Gheobhaidh neacha léinn atá cláraithe suas go dtí 31 Deireadh Fómhair, 2011 lán-aisíoc, agus gheobhaidh neacha léinn atá cláraithe suas go dtí 31 Eanáir 2012 leath na táille teagaisc atá íoctha mar aisíocaíocht.

Áit a bhfuil táillí neamh-theagaisc íoctha agus go gcuireann neacha léinn litir fhaofa deontais isteach déanfar an neamh-theagasc a aisíoc. Eiseofar na chéad aisíocaíochtaí i mí na Nollag, 2011 roimh shos na Nollag. Déanfar aisíocaíochtaí gach mí ina dhiaidh sin, ag tosú i bhFeabhra, 2012.

## REFUNDS

The **tuition and non-tuition fee** is refundable up to 31st October, 2011. The **tuition fee refund policy** is based on students having paid all appropriate fees. Students registered up to the 31st October, 2011 will receive a full refund, and students registered up to the 31st January, 2012 will receive a refund of half the tuition fee paid.

Where non-tuition fees have been paid and students subsequently submit a grant approval letter a refund of the non tuition will be made. The first refunds will be issued in December, 2011 prior to the Christmas break. Refunds will be made each month thereafter, commencing in February, 2012.

## DEONTAIS CHOOTHABHÁLA

### DEONTAIS OILIÚNA TRÍÚ LEIBHÉAL (OTL):

Íocfar deontas Oiliúna Tríú Leibhéal (OTL) le neacha léinn a bhfuil na cúrsaí Ardteastais agus Gnáthchéime á ndéanamh acu agus a bhfuil deontas cothabhála á fháil acu. Íocfar an deontas cothabhála Oiliúna Tríú Leibhéal (OTL) i dtráthchodanna go riaráisteach thar 36 seachtain.

Íocfar na híocaíochtaí deontais isteach go díreach i gcuntas bainc an neacha léinn ar na dátaí atá le feiceáil ar an Sceideal Íocaíochtaí Oiliúna Tríú Leibhéal 2010/2011 (Leathanach 33). Déantar na híocaíochtaí bunaithe ar thinreamh ar ranganna.

Tacaíonn an scéim Oiliúna Tríú Leibhéal (OTL) le cúrsaí Ardteastais agus Gnáthchéime. Tá deontais chothabhála Oiliúna Tríú Leibhéal ar fáil do neacha léinn incháilithe a cháilíonn don deontas seo. Tá foirmeacha iarratais agus faisnéis maidir le hincháilitheacht le fáil ó do CGO áitiúil (Coiste Gairmoideachais).

Má tá tú incháilithe do dheontas cothabhála Oiliúna Tríú Leibhéal (OTL), ní mór duit uimhir chuntais bhainc agus cód sórtála a ainmniú ar an bhfoirm chlárúcháin d'fhonn go n-aistreofaí do chuid airgid isteach i do chuntas go míosúil. Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil an íocaíocht bunaithe ar thinreamh ar ranganna.

### SCEIDEAL ÍOCAÍOCHTAÍ OILIÚNA TRÍÚ LEIBHÉAL (OTL)

Aistreofoar Íocaíochtaí Deontais Chothabhála OILIÚNA TRÍÚ LEIBHÉAL (OTL) isteach go díreach i gcuntais neach léinn ar na dátaí seo a leanas:

Íocaíocht 1	<b>13 Deireadh Fómhair, 2011</b>
Íocaíocht 2	<b>10 Samhain, 2011</b>
Íocaíocht 3	<b>8 Nollaig, 2011</b>
Íocaíocht 4	<b>5 Eanáir, 2011</b>
Íocaíocht 5	<b>2 Feabhra, 2012</b>
Íocaíocht 6	<b>1 Márta, 2012</b>
Íocaíocht 7	<b>29 Márta, 2012</b>
Íocaíocht 8	<b>26 Aibreán, 2012</b>
Íocaíocht 9	<b>24 Bealtaine, 2012</b>

Tabhair faoi deara le do thoil: D'fhéadfadh sé go mba ghá le trí lá a thógáil go dtí go mbeadh an íocaíocht lóisteáilte do chuntas neacha léinn.

## MAINTENANCE GRANTS

### THIRD LEVEL TRAINING (TLT) GRANTS:

Students taking the Higher Certificate and Ordinary Degree courses who have been awarded a maintenance grant will be paid a Third Level Training (TLT) grant. The Third Level Training (TLT) maintenance grant shall be paid in monthly instalments in arrears over 36 weeks.

The grant payments will be paid directly into the student's bank account on the dates as shown on the Third Level Training (TLT) Payments Schedule 2011/2012 (page 37). Payments are made on the basis of attendance at class.

Higher Certificate and Ordinary Degree courses are supported by the Third Level Training (TLT) scheme. Third Level Training (TLT) maintenance grants are available to eligible students who qualify for this grant. Application forms and information on eligibility are available from your local VEC (Vocational Educational Committee).

If you qualify for a Third Level Training (TLT) maintenance grant, you must nominate a bank account number and sort code on the registration form in order for your monies to transfer monthly into your account. Please note that payment is based on class attendance.

### THIRD LEVEL TRAINING (TLT) PAYMENTS SCHEDULE

THIRD LEVEL TRAINING (TLT) Maintenance Grant Payments will transfer directly into student bank accounts on the following dates:

Payment 1	<b>13th October, 2011</b>
Payment 2	<b>10th November, 2011</b>
Payment 3	<b>8th December, 2011</b>
Payment 4	<b>5th January, 2012</b>
Payment 5	<b>2nd February, 2012</b>
Payment 6	<b>1st March, 2012</b>
Payment 7	<b>29th March, 2012</b>
Payment 8	<b>26th April, 2012</b>
Payment 9	<b>24th May, 2012</b>

Please Note: It can take up to three working days for the payment to be lodged to the students account.

### **Deontais Ardoideachais agus Scoláireachtaí CGO**

Íoctar deontais Scoláireachta de ghnáth le neacha léinn atá ag tabhairt faoi chúrsaí Céime Onóracha, seachas an BSc in Eolaíocht Leighis Bliain 3. Tá na scoláireachtaí agus na deontais sin ar fáil do neacha léinn incháilithe. Baineann tástáil mhaoine leo agus tá foirmeacha iarratais le fáil ach teagmháil a dhéanamh le do CGO nó do Chomhairle Contae áitiúil.

Íocann an tÚdarás Áitiúil na táillí go díreach leis an gColáiste. Féadfaidh neacha léinn ar bith, nach n-íoctar an deontas cothaithe neacha léinn go díreach isteach ina gcuntas bainc, a gcuid seiceanna a bhailiú ag tús gach téarma ón Oifig Gnóthaí Acadúla. Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil an íocaíocht bunaithe ar thinreamh ar ranganna.

Eiseoidh na húdaráis dámhachtana seiceanna scoláireachta, i.e. CGO, Comhairle Contae, agus RI gach téarma. Do na neacha léinn atá ag freastal ag Gaillimh is í an Oifig Gnóthaí Acadúla a shíniú amach seiceanna do na neacha léinn. De réir mar a fhaigheann an Oifig Gnóthaí Acadúla na seiceanna, cuirtear fógra suas agus féadfaidh neacha léinn socrú a dhéanamh a gcuid seiceanna a bhailiú. Ba chóir do neacha léinn atá ag freastal ag Caisleán an Bharraigh agus Leitir Fraic eolas a fháil ón bhfoireann ag an gCampas maidir le cén chaoi a n-eiseofar seiceanna Scoláireachta.

### **Athnuachan Deontais**

Ní íocfar deontas le neacha léinn a dteipeann orthu i mbliain dá gcúrsa agus a athdhéanann sa bhliain dar gcionn le linn don athdhéanamh, ach i gcúinsí eisceachtúla d'fhéadfadh an tÚdarás Áitiúil faomhadh a thabhairt dóibh. Ní mór don CGO a chur in iúl don Choláiste ar an litir fhaofa deontas go bhfuil an dámhachtain á déanamh i gcúinsí eisceachtúla. Déanfar an deontas a phróiseáil i leith neach léinn nár athnuadh dó/di é le linn don athdhéanamh an bhliain dar gcionn ar chuntar go n-éireoidh leo ina gcuid scrúduithe agus go dtéann siad ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den chúrsa.

### **Higher Education Grants and VEC Scholarships**

Scholarship grants are usually paid to students undertaking Honours Degree courses. These scholarships and grants are available to eligible students. They are means tested and application forms can be obtained by contacting your local VEC or Co. Council.

Fees are paid directly by the Local Authority to the College. Any student that does not have their student maintenance grant paid directly into their bank account, can collect their cheques at the commencement of each term from the Office of Academic Affairs. Please note that payment is based on class attendance.

Scholarship cheques will issue from the awarding authorities, i.e. VEC, County Council, etc. each term. For Students attending at Galway these cheques are signed out by staff from the Office of Academic Affairs to the students. As the cheques are received by the Office of Academic Affairs, a notice is posted and students can arrange to collect their cheques. Students attending at Castlebar and Letterfrack should check with staff at the Campus as to how Scholarship cheques will be issued.

### **Grant Renewal**

A student who fails a year of his/her course and repeats in the following year will not be paid a grant while repeating, however the Local Authority may in exceptional circumstances grant them approval. The VEC must indicate to the college on the grant approval letter that the award is being made under exceptional circumstances. A repeat student who does not have his/her grant renewed while repeating will have it processed the following year provided they pass their examinations and proceed to the next stage of the course.

### **NEACHA LÉINN LE RIACHTANAIS SPEISIALTA**

Déanann GMIT gach dícheall cabhrú le neacha léinn le riachtanais speisialta. Tá sé den tábhacht go ndéanfadh neacha léinn dá leithéid teagmháil go luath leis an Oifigeach Seirbhísí Neach Léinn chun a riachtanais speisialta a chur in iúl dó/di.

### **NEACHA LÉINN LANFHÁSTA**

Ní mór aois 23 a bheith ag neacha léinn lánfhásta roimh 1 Eanáir, 2011 chun iad a bheith cáilithe mar iarratasóirí lánfhásta. Tá na teidlíochtaí céanna acu atá ag neacha léinn eile maidir le táillí in aisce. Breathnaigh Faisnéis faoi Tháillí Leathanach 11 i dtaca le hincháilitheacht do na táillí sin.

### **STUDENTS WITH SPECIAL NEEDS**

GMIT makes every effort to facilitate students with special needs. It is important that such students contact the Student Services Officer at an early date advising her of his/her special requirements.

### **MATURE STUDENTS**

Mature students must be 23 on or before 1st January, 2011 to qualify as a mature applicant. They have the same entitlements as other students regarding free tuition fees. Please see Fees Information Page 27 for reference on eligibility of such fees.



# GMT

GALWAY-MAYO INSTITUTE OF TECHNOLOGY  
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA NA GAILLIMHE-MAIGH EO

## Administrative Headquarters

Dublin Road, Galway, Ireland.

Tel: +353 91 753 161

Fax: +353 91 751 107

E-mail: [academic.affairs@gmit.ie](mailto:academic.affairs@gmit.ie)

Web Site: <http://www.gmit.ie>

## Príomhionad Riaracháin

Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh, Éire.

Teil: +353 91 753 161

Faics: +353 91 751 107

R-phost: [academic.affairs@gmit.ie](mailto:academic.affairs@gmit.ie)

Láithreán Gréasáin: <http://www.gmit.ie>

## Castlebar Campus

Westport Road, Castlebar,

Co. Mayo, Ireland.

Tel: +353 94 902 5700

Fax: +353 94 902 5757

## Campas Chaisleán an Bharraigh

Bóthar Chathair na Mart, Caisleán an Bharraigh,

Co. Mhaigh Eo, Éire.

Teil: +353 94 902 5700

Faics: +353 94 902 5757

## Letterfrack Campus

Letterfrack, Co. Galway, Ireland.

Tel: +353 954 1660

Fax: +353 954 1112

## Campas Leitir Fraic

Leitir Fraic, Co. na Gaillimhe, Éire.

Teil: +353 954 1660

Faics: +353 954 1112

## Cluain Mhuire Campus

Cluain Mhuire, Monivea Road,

Galway, Ireland.

Tel: +353 91 770 661

Fax: +353 91 770 740

## Campas Chluain Mhuire

Cluain Mhuire, Bóthar Mhuine Mheá,

Gaillimh, Éire.

Teil: +353 91 770 661

Faics: +353 91 770 740



Ireland's EU Structural Funds  
Programmes 2007 - 2013

Co-funded by the Irish Government  
and the European Union



EUROPEAN SOCIAL FUND



AN tOIGÍN DEPARTEIMÉAD  
OIDEAPLAIS EOLAÍOCHTA  
AGUS SCILEANNA I A N D SKILLS